Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Straitéis do Chromán na gCearc ar Inis Cathaigh

Cuid 1: An Straitéis

2026

Coimisiúnaithe ag:
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra,
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

I gcomhar le:
Oifig na nOibreacha Poiblí
Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta

gov.ie

Table of Contents

Réamhráite Aire 2

ACHOIMRE 3

Leagan amach 6

Cuid 1: An Straitéis 9

1.1 An Gá atá le Straitéis 9

1.2 An Cur Chuige 10

1.3 Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Tuairisciú 10

1.4 Achoimre ar Théamaí Gníomhartha, Cuspóirí Straitéiseacha agus Gníomhartha 13

1.5 Téamaí Gníomhartha 15

1.6 Liosta na bPáirtithe Leasmhara/Gníomhairí 43

Réamhráite Aire

Christopher O’Sullivan TD

An tAire Stáit ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta

Is láthair shuntasach í Inis Cathaigh ó thaobh na hoidhreachta tógtha, na staire cultúrtha agus na bithéagsúlachta de.Trí bhainistíocht íogair, tá sé anois ina shuíomh tábhachtach do cheann dár n-éan creiche is neamhchoitianta agus is atá ag titim, cromán na gcearc. Is freagracht chomhroinnte í caomhnú an speicis, agus braitheann an rath ar chomhoibriú idir gníomhaireachtaí rialtais, úinéirí talún agus pobail áitiúla. Trí oibriú le chéile, is féidir linn na gnáthóga a chur ar fáil a thacaíonn leis na speicis, agus leanúint ag cosaint na hoidhreachta tógtha agus ag cur béime ar thábhacht chultúrtha agus áineasa an oileáin. Leagann an straitéis béim ar an obair leanúnach atá ar bun chun an pobal de cromán na gcearc, ar Inis Cathaigh a chaomhnú agus tuiscint níos fearr a fháil orthu. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas gach duine a bhí páirteach ann. Tá súil agam go spreagfaidh foilsiú na straitéise seo comhoibriú leanúnach chun ceann de na héin chreiche is íocónaí in Éirinn a chosaint.

Kevin Boxer Moran TD

An tAire Stáit ag an Roinn Caiteachais Phoiblí Bonneagair Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin

Tá Inis Cathaigh ar cheann de na láithreacha oidhreachta is luachmhaire in Éirinn, áit a bhfuil seandálaíocht shaibhir le fáil taobh le gnáthóga a bhfuil luach mór éiceolaíoch ag baint leo. Mar chaomhnóir ar an séadchomhartha náisiúnta, tá freagracht ar Oifig na nOibreacha Poiblí ní hamháin oidhreacht thógtha shuntasach an oileáin a chosaint, ach a thimpeallacht nádúrtha chomh maith. Léiríonn an straitéis seo don chromán na gcearc an tiomantas sin; go bhfuil OOP rannpháirteach i gcreat chun an t-oileán a bhainistiú ar bhealach atá íogair do riachtanais chromáin na gcearc, agus ag an am céanna ag cinntiú go leanann cuairteoirí de bheith ag baint taitnimh as Inis Cathaigh, agus go mbeadh meas acu ar an tábhacht atá leis. Ba mhaith liom

buíochas a ghabháil le gach duine a chuir le forbairt na straitéise seo. Táim muiníneach go gcuirfidh sé bonn láidir ar fáil do chaomhnú chromáin na gcearc ar an oileán, agus ag an am céanna go dtacaíonn misean níos leithne OOP maidir le hoidhreacht uathúil na hÉireann a chosaint ar mhaithe leis an uile dhuine.

ACHOIMRE

Réamhrá agus Comhthéacs

Is oileán ar leith é Inis Cathaigh in inbhear na Sionainne. Is láthair é a bhfuil tábhacht náisiúnta seandálaíochta ag baint leis, agus is Séadcomhartha Náisiúnta ainmnithe é faoi na hAchtanna Séadcomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014. Tá formhór an oileáin faoi úinéireacht an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus tá freagracht maidir le bainistíocht, caomhnú agus léirmhíniú ar Oifig na nOibreacha Poiblí Aithnítear an t-oileán as a lonnaíocht luath-Chríostaí, as a oidhreacht thógtha den scoth agus as a stair chultúrtha shaibhir, chomh maith lena thimpeallacht nádúrtha éagsúil agus íogair. Cuireann sé eispéireas uathúil ar fáil do chuairteoirí, le siúlóidí faoi threoir arna soláthar ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus rochtain ar bhád farantóireachta ó Chill Rois.

Tá Inis Cathaigh laistigh de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Abhainn na Sionainne Íochtaraí (cód 002165),tá sé timpeallaithe ag Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear na Sionainne agus Inbhear na Feirge (cód 004077) agus tá Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe ann. Tá pobal tábhachtach de chromáin na gcearc ar Inis Cathaigh; tá taifead ar an speiceas sa cheantar ó thús na 2000idí i leith, agus tá pobal pórúcháin ar an oileán le breis agus deich mbliana anuas.

Le blianta beaga anuas, thacaigh Inis Cathaigh le níos mó ná ceithre phéire pórúcháin ar an meán agus bhain an líon buaicphointe seacht bpéire amach i séasúr amháin. Is cuid shuntasach den daonra pórúcháin náisiúnta é seo, rud a fhágann go bhfuil an suíomh, nach bhfuil ainmnithe do chromán na gcearc, tábhachtach go náisiúnta don speiceas.

Tábhacht Náisiúnta

Tá meath tagtha ar líon chromán na gcearc in Éirinn le blianta beaga anuas, agus tá thart ar 100 péire deimhnithe ann ar fud na tíre. Tá cúngú suntasach tagtha ar líon agus ar raon an speicis le blianta beaga anuas, rud atá á spreagadh ag caillteanas

gnáthóige (m.sh. foraoisiú, athéileamh talún), díghrádú gnáthóige (m.sh. dó, baint móna, agus draenáil), suaitheadh, géarleanúint neamhdhleathach, agus díláithriú de bharr brúnna forbartha. Tá meath géar tagtha freisin ar líon na gcríoch laistigh de na sé Limistéar Cosanta Speisialta (SPA) ainmnithe do chromán na gcearc atá ag pórú ón mbliain 2015 i leith.

Sa chomhthéacs sin, tacaíonn Inis Cathaigh, oileán beag (thart ar 76 heicteár) — le thart ar 5% de phobal náisiúnta reatha chromán na gcearc atá ag pórú. Cuireann an t-oileán deis ar fáil chun tuiscint a fháil ar na coinníollacha a ligeann do chromán na gcearc pórú go rathúil san áit seo, agus b'fhéidir gur féidir na ceachtanna sin a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne ar fud na hÉireann. D'fhoilsigh Rialtas na hÉireann Plean Freagartha ar Bhagairt do Chromán na gCearc (PFBCC) d'Éirinn sa bhliain 2024, agus é mar aidhm aige pobal chromáin na gcearc a athbhunú. Leagann an plean amach sraith chomhordaithe de ghníomhaíochtaí spriocdhírithe agus bearta chun na bagairtí, na brúnna agus na guaiseacha aitheanta atá ar chromán na gcearc a scor, a sheachaint, a fhreaschur, a laghdú, nó a chosc. Féadfaidh an méid atá le foghlaim maidir le scéal Inis Cathaigh cuidiú le gnéithe áirithe den PFBCC a threorú agus cur leo.

Cuspóir agus Cur Chuige

Choimisiúnaigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) an straitéis seo, a chlúdaíonn tréimhse deich mbliana, i gcomhairle leis an OOP agus leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta (SSN). D'ullmhaigh Iontaobhas an Iolair Fhíréin (GET) an t-ábhar. Rinneadh cuairteanna ar shuímh, ionchur ó shaineolaithe, comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus anailís spásúil (ar chineálacha gnáthóg, láithreáin neadaithe, etc.) i rith na mblianta 2023-2024. Chuir siad seo bonn eolais ar fáil do mheasúnú ar ghnáthóga, ar bhrúnna suaite, ar chleachtais bhainistíochta talún agus ar dheiseanna feabhsúcháin.

Glacann an straitéis cur chuige iomlánaíoch agus comhtháite, ag aithint go mbraitheann caomhnú rathúil chromáin na gcearc ar Inis Cathaigh ar chothromaíocht a bhaint amach idir cosaint éiceolaíoch agus caomhnú oidhreachta tógtha, bainistíocht cuairteoirí, rannpháirtíocht phobail agus turasóireacht inbhuanaithe.

Cuspóirí agus Creat Straitéiseacha

Leagann an straitéis amach fís fhadtéarmach do chromán na gcearc agus do dhaoine ar Inis Cathaigh, agus í tacaithe ag spriocanna caomhnaithe, lena n-áirítear:

- Stádas caomhnaithe fabhrach a chothabháil, agus ar a laghad ceithre phéire do chromáin na gcearc goir a bheith deimhnithe ar an oileán;
- Stádas caomhnaithe fabhrach a chothabháil, agus ar a laghad 1.5 éan óg faoi lán cluimhrí in aghaidh gach péire de chromán na gcearc a bheith deimhnithe ar an oileán;
- Gnáthóga oiriúnacha a chothabháil ar an oileán le haghaidh neadaithe, seilge agus ar an bhfara.

Chun na spriocanna seo a bhaint amach, sainaithnítear ocht **dTéama Gnímh**, sa straitéis seo, ag tabhairt aghaidh ar riachtanais rialála, rialachas, monatóireacht, bainistíocht gnáthóg, comhtháthú oidhreachta tógtha, éiceolaíocht sealgaireachta chromáin na gcearc, bainistíocht creachadóirí, brúnna suaite, riachtanais taighde agus cosaint fhadtéarmach láithreáin. Tá na téamaí seo bunaithe ar shraith gníomhartha spriocdhírithe atá ceaptha chun gnáthóga neadaithe, sealgaireachta agus geimhrithe a bhainistiú; suaitheadh agus rioscaí creiche a íoslaghdú; úsáid daonna a ailíniú le híogaireacht éiceolaíoch; agus a chinntiú go mbíonn cinntí bainistíochta bunaithe ar an eolaíocht agus ar an dea-chleachtas.

Leagtar amach sa straitéis (Cuid 1) an fhís agus sraith moltaí agus treoracha maidir le bainistíocht amach anseo, agus sonraítear sa doiciméad tacaíochta (Cuid 2) riachtanais éiceolaíocha na speiceas agus na príomhfhachtóirí a mbíonn tionchar acu ar na héin (gnáthóg, oidhreacht thógtha, cuairteoirí, etc.), déantar cur síos ar na páirtithe leasmhara agus leagtar amach na spriocanna caomhnaithe foriomlána do phobal chromán na gcearc ar an oileán.

Seachadadh agus Ionchais sa Todhchaí

Ní bheadh na héachtaí suntasacha maidir le caomhnú chromán na gcearc atá bainte amach go dtí seo indéanta murach an caidreamh oibre speisialta atá ann idir OOP, caomhnóirí an oileáin, an SPNF agus an SSN. Leagann an straitéis sraith gníomhartha agus spriocanna amach maidir le caomhnú chromán na gcearc ar Inis Cathaigh don tréimhse 2024–2034. Tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh sé mar dhoiciméad beo a ndéantar athbhreithniú agus beachtú air trí rannpháirtíocht

leanúnach na bpáirtithe leasmhara, trí bhainistíocht oiriúnaitheach agus monatóireacht, agus trí thuiscint eolaíoch fheabhsaithe.

Le hacmhainní agus comhoibriú oiriúnach, tá sé mar aidhm ag an straitéis todhchaí athléimneach a chinntiú do chromán na gcearc ar Inis Cathaigh, agus ag an am céanna tacú lena oidhreacht thógtha agus chultúrtha, le luachanna an phobail agus le heispéireas inbhuanaithe do chuairteoirí.

Leagan amach

Tá an straitéis iomlán leagtha amach i dtrí chuid:

	Teideal	Cur síos
Cuid 1	An Straitéis	An fhís, na téamaí gníomhaíochta, na cuspóirí straitéiseacha agus na príomhghníomhartha riachtanacha
Cuid 2	Doiciméad Tacaíochta	An eolaíocht, na sonraí agus na tosca a bhaineann go sonrach le cromán na gcearc agus le hInis Cathaigh, curtha i láthair i sé chaibidil.
Cuid 3	Aonaid Bhainistíocht a	Sraith deiseanna bainistíochta agus moltaí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar gach píosa talún. I bhfianaise na faisnéise íogaire, níl an doiciméad seo ach do bhainisteoirí talún agus do phríomhpháirtithe leasmhara..

Fís do Chromán na gCearc ar Inis Cathaigh

Ag breathnú chun cinn ar an mbliain 2035 agus ina dhiaidh sin, beidh Inis Cathaigh ina áit a mbeidh caomhnú chromán na gcearc fite fuaite sa tírdhreach agus i saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch an réigiúin. Trí bhainistíocht íogair ar an talamh agus ar an ngnáthóg, beidh greim leanúnach sa cheantar daingnithe ag an éan creiche mistéireach seo.

Faoin mbliain 2035, beidh meánraon de cheithre phéire cromán na gcearc ar a laghad gach bliain, agus beidh sé seo ina léiriú láidir ar chóras inbhuanaithe; feicfear líon mór cromán óg ag eitilt thart timpeall os cionn an oileáin sna míonna samhraidh, chomh maith le pobal láidir a bheidh ag caitheamh an gheimhridh ann. Aithneofar an tábhacht náisiúnta atá ag Inis Cathaigh do chromán na gcearc, agus cosnófar an suíomh go cuí. Tacóidh foireann agus acmhainní tiomnaithe le clár méadaitheach taighde, monatóireachta agus nuálaíochta, rud a chinnteoidh go mbeidh Inis Cathaigh ina phointe fócais don eolaíocht chaomhnaithe fheidhmeach.

Cuirfidh pobal rathúil chromáin na gcearc le sochair níos leithne don bhithéagsúlacht agus cruthóidh sé deiseanna do thurasóireacht atá bunaithe ar an dúlra agus atá neamhdhíobhálach; tacóidh sé sin, ina dhiaidh seo, le gnólachtaí áitiúla. Agus pearsanra tiomnaithe curtha ar fáil, d'fhéadfaí branda nó móitíf a bhaineann le cromán na gcearc a fhorbairt don cheantar. D'fhéadfadh ceiliúradh shaibhreas na hoidhreachta cultúrtha agus tógtha, i gcomhar leis an oidhreacht nádúrtha, feidhmiú mar shampla réigiúnach agus náisiúnta don inbhuanaitheacht.

Is deacair de ghnáth, cromán na gcearc a fheiceáil, agus b'fhéidir go bhféadfaí na deiseanna seo a fheabhsú trí limistéir bhreathnóireachta íogaire a fhorbairt nó trí úsáid fhéideartha a bhaint as an mbonneagar atá ann cheana. Cuirfidh léirmhíniú leanúnach agus breise saineolaithe tiomanta, mar aon le comhtháthú gnéithe éiceolaíocha a bhaineann le cromán na gcearc i dturais oidhreachta tógtha, buntáistí ar fáil do chuairteoirí, don phobal áitiúil agus don táirge turasóireachta.

Ar deireadh thiar, léireoidh Inis Cathaigh an chaoi ar féidir le cur chuige comhtháite — a chomhcheanglaíonn an caomhnú, bainistíocht gnáthóg, cosaint na hoidhreachta

tógtha agus an turasóireacht inbhuanaithe — tírdhreach a chruthú atá bríomhar, athléimneach agus rathúil don fhiadhúlra agus do dhaoine araon. Agus é sin á dhéanamh, feidhmeoidh sé mar shampla réigiúnach agus náisiúnta maidir le cothromaíocht a bhaint amach idir caomhnú na bithéagsúlachta agus luachanna pobail agus oidhreachta.

Cuid 1: An Straitéis

1.1 An Gá atá le Straitéis

Is eol do chuid mhaith daoine anois go bhfuil géarchéim ag baint leis an mbithéagsúlacht, in Éirinn agus ar fud an domhain. I measc speiceas eile, tá cromán na gcearc ag dul i laghad in Éirinn. Is sprioc dhomhanda é a chinntiú go nglactar bearta bainistíochta práinneacha chun deireadh a chur le díothú speiceas bagartha atá ar eolas de thoradh gníomhaíochta daonna (Coinbhinsiún ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch, 2022). Is cuspóir dár bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (2025) é freastal ar riachtanais phráinneacha caomhnaithe agus athchóirithe.

Cuireann Inis Cathaigh deis shuntasach ar fáil do chromán na gcearc, agus ós rud é go bhfuil an t-oileán i seilbh an stáit go príomha, is suíomh idéalach é chun an fhoghlaim a bharrfheabhsú ar mhaithe le caomhnú náisiúnta na speiceas i gcoitinne. Is é cur chuige an Phlean Freagartha ar Bhagairt ar Chromán na gCearc (2024)ná na bagairtí a theann i bhfeidhm ar mharthanas chromán na gcearc a shainaithint, tuiscint a fhorbairt ar choinbhleachtaí agus ar riachtanais chaomhnaithe na speiceas. D’fhéadfadh an tuiscint níos fearr a fhaightear ar chromán na gcearc Inis Cathaigh — trí thuiscint a fháil ar dhálaí na gnáthóige agus ar chúinsí eile a mbíonn tionchar acu orthu — cabhrú le treo a thabhairt maidir le conas ceantair eile a fheabhsú don speiceas.

Tá Plean Caomhnaithe agus Bainistíochta (2018) ag Inis Cathaigh cheana féin maidir le hoidhreacht thógtha agus chultúrtha an tsuímh. Cuirtear léargas ginearálta ar stair an oileáin agus ar a thábhacht ar fáil ann, chomh maith le creatlach straitéise caomhnaithe agus moltaí maidir le cláir athchóirithe agus deisiúcháin.

Chun a chinntiú nach mbeadh aon choinbhleacht ann le hoidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha, measadh gur cuí straitéis a ullmhú go sonrach do chromán na gcearc ar Inis Cathaigh, agus úsáidí eile an oileáin á gcur san áireamh. Ag cruinniú rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara in 2023, gheall an SPNF go n-ullmhóidís straitéis den sórt sin, i gcomhar leis an OOP agus i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Tá sé mar aidhm ag an straitéis riachtanais agus mianta bhainisteoirí an tsuímh, na bpáirtithe leasmhara agus an phobail a shainaithint, agus

an suíomh á bhainistiú go cuí ag an am céanna. I gcomhréir lenár gceathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, a dhíríonn ar chur chuige “rialtas iomlán, sochaí iomlán”, cuireann an straitéis seo deis ar leith ar fáil d’eagraíochtaí rialtais oibriú i gcomhar lena chéile, chomh maith le pobail agus gnólachtaí áitiúla, chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht chuí ar Inis Cathaigh ar mhaithe le ceann de na héin chreiche is teirce agus is mó atá i mbaol againn.

1.2 An Cur Chuige

Choimisiúnaigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) Iontaobhas an Iolair Fhíréin (GET) chun athbhreithniú a dhéanamh ar an doiciméad agus ar na sonraí ábhartha uile a bhaineann le cromán na gcearc agus le hInis Cathaigh; tugadh treoir dóibh machnamh a dhéanamh ar gach gné den bhainistíocht an oileáin, maidir le cuairteoirí, oidhreacht thógtha, gnáthóg agus iarrachtaí caomhnaithe. Rinne GET obair allamuigh, anailís ar shonraí ortagrafaíochta a fuarthas ó shuirbhéireacht dordáin, agus ullmhaíodh léarscáil mhionsonraithe ghnáthóige don oileán, chomh maith le sraith léarscáileanna faisnéiseacha eile. Rinneadh comhairliúchán freisin leis an bpobal áitiúil agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear bainisteoirí talún, grúpaí pobail áitiúla agus oibreoirí turasóireachta. Tar éis an phróisis seo, chuir na comhairleoirí sraith tuairimí agus moltaí a bhí acu i láthair i bhfoirm ocht ‘**dTéama Gnímh’**.

Tá an straitéis tógtha timpeall ar na hocht dtéama gnímh seo, agus gach ceann acu ag díriú ar ghné ríthábhachtach d’éiceolaíocht nó do bhainistíocht chromán na gcearc. Le chéile, soláthraíonn na téamaí seo bealach ó thuiscint ar riachtanais na speiceas, trí chosaint agus feabhsú, go dtí athléimneacht fhadtéarmach an phobail.

Cuirtear na hocht dtéama gnímh, na cuspóirí straitéiseacha a bhaineann leo agus achoimre ar na gníomhartha i láthair i Roinn 1.4, agus leanann an tsraith iomlán de gníomhartha molta i Roinn 1.5.

1.3 Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Tuairisciú

Is suíomh uathúil é Inis Cathaigh a dtagann an oidhreacht thógtha agus an oidhreacht nádúrtha le chéile agus beidh tionchar maith ag ceann amháin ar an gceann eile. Ní bheadh na héachtaí suntasacha maidir le caomhnú chromán na gcearc atá bainte amach go dtí seo indéanta murach an caidreamh oibre speisialta atá ann idir OOP,

caomhnóirí an oileáin, an SPNF agus an SSN. Ba cheart aitheantas ar leith a thabhairt d'OOP as an gcaoi ar ndearna siad an suíomh a bhainistiú agus a ndeachaigh siad i mbun gnó ansin. Tá bealach aimsithe ag an OOP (i gcomhar le comhpháirtithe) chun ionad do chuairteoirí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, chun an tseandálaíocht agus an oidhreacht thógtha ar an oileán a chaomhnú agus a fheabhsú, agus chun forálacha a dhéanamh chomh maith do chaomhnú an dúlra, go háirithe i gcás chromán na gcearc. Tógann an caidreamh uathúil seo agus an straitéis seo ar fhís Oidhreacht Éireann 2030 – plean náisiúnta oidhreachta na hÉireann – agus go háirithe ar Ghníomh 116, a éilíonn ar an Stát meabhrán tuisceana a fhorbairt idir SPNF, an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta agus Seirbhísí Oidhreachta OOP chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú ag láithreáin séadchomharthaí náisiúnta ar fud an Stáit.

Cinnfear cur i bhfeidhm na ngníomhartha de réir acmhainní cuí. Faoi láthair, níl ach oibrí ginearálta amháin ar Inis Cathaigh, agus leithdháiltear maoiniú ar bhonn bliantúil laistigh de SPNF. Beidh acmhainní breise ag teastáil chun bearta sonracha a chur i bhfeidhm, agus déanfar tosaíochtaí a choigeartú de réir na n-acmhainní atá ar fáil agus riachtanais oidhreacht thógtha agus nádúrtha an oileáin. Leanfaidh SPNF agus OOP de bheith ag comhoibriú chun acmhainní reatha a chomhordú, agus déanfaidh an SPNF maoiniú breise tiomnaithe a fháil.

Ullmhóidh na príomhpháirtithe leasmhara (OOP, SPNF, SSN) plean tionscadail bhliantúil, ina leagfar amach na bearta atá le cur i gcrích. Déanfar ionchur ó pháirtithe leasmhara ábhartha eile a bhailiú ag cruinniú bliantúil na bpáirtithe leasmhara. Déanfaidh an SPNF athbhreithniú dhá uair sa bhliain ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le cromán na gcearc. Ullmhóidh an SPNF tuarascáil nó achoimre bhliantúil ar an dul chun cinn, i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an SSN. Mar a tharlaíonn faoi láthair, oibreoidh SPNF, OOP agus SSN go dlúth le chéile ar chúrsaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i rith gach bliana.

1.4 Achoimre ar Théamaí Gníomhartha, Cuspóirí Straitéiseacha agus Gníomhartha

Uimh.	Téama Gníomhartha	Cuspóir Straitéiseach	Príomhghníomhartha Straitéiseacha (achoimre)
1	Rialachas, Comhordú agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara	Bunófar creat rialachais atá comhordaithe, ag a bhfuil acmhainní cearta agus inoiriúnaithe chun tacú le caomhnú fadtéarmach chromán na gcearc ar Inis Cathaigh.	• Coimeádfar grúpa páirtithe leasmhara gníomhach, cuimsitheach le cruinnithe bliantúla • Déanfar cláir oibre a phleanáil • Straitéisí comhpháirteacha cumarsáide, turasóireachta agus meán a fhorbairt • Comhpháirtíochtaí oideachais, eolaíochta saoránach agus taighde a neartú • An oidhreacht nádúrtha a chomhtháthú leis an oidhreacht chultúrtha i mbainistíocht oileán
2	Monatóireacht ar Phobail & Tuiscint Éiceolaíoch	Bonn láidir fianaise a chruthú maidir le líon chromán na gcearc, a rath pórúcháin, a n-íogaireacht i leith cur isteach, agus an úsáid a bhaineann siad as gnáthóga de réir séasúir.	• Lean agus leathnaigh monatóireacht ar phórúchán bliantúil agus geimhridh • Bailigh sonraí spásúla maidir le línte eitilte, neadú, ar an bhfara agus achair suaite • Cuir criosanna maolánacha oiriúnaitheacha, atá freagrach go séasúrach i bhfeidhm • Méadaigh acmhainneacht na maor
3	Comhtháthú Oibreacha Oidhreachta Tógtha le Cosaint Chromán na gCearc	Cinntiú go gcuirtear riachtanais chromán na gcearc – maidir le pórú, ar an bhfara agus sealgaireacht – san áireamh agus oidhreacht thógtha agus struchtúir eile ar an oileán á mbainistiú.	• Cláir oibre bhliantúla agus fhadtéarmacha a ailíniú le hamlínte an tséasúir pórúcháin • Criosanna maolaithe comhaontaithe a chuir i bhfeidhm ar na hoibreacha • Úsáid a bhaint as ráitis mhodha agus as oibreacha céimnithe suaite a íoslaghdú • Bealaí rochtana agus íogaireacht faire geimhridh a chíoradh

Uimh.	Téama Gníomhartha	Cuspóir Straitéiseach	Príomhghníomhartha Straitéiseacha (achoimre)
4	Gnáthóige Sealgaireachta a Fheabhsú	Infhaighteacht creiche agus éifeachtúlacht sealgaireachta a fheabhsú do chromán na gcearc trí bhainistíocht gnáthóige, ar an oileán agus ina dtimpeallacht.	• Tuilleadh meascán de scrobarnaí /féarach a chruthú ar an oileán • Suirbhé a dhéanamh ar líon na gcreach agus ar fhianaise mamach beag • Príomhréimsí sealgaireachta ar an mórthír laistigh de 5–10 km a aithint agus a bhainistiú • Iniúchadh a dhéanamh ar bhearta beathaithe breise agus gnáthóige creiche • Measúnú a dhéanamh ar indéantacht na rianaithe chun naisc chothaithe a aithint
5	Cosaint Neadacha & Bainistíocht Creachadóirí	Teip neadacha a íoslaghdú trí mhonatóireacht spriocdhírithe ar chreachadóirí, a gcosc agus a mbainistiú.	• Láithreacht agus gníomhaíocht creachadóirí a chainníochtú • Leanúint le smachtú minc agus coirbhidigh • Straitéis fhadtéarmach a fhorbairt chun neadacha a chosaint • Conairí cuairteoirí agus an rochtain a bhainistiú chun a chinntiú nach n-éascaítear creachadóirí • Polasaithe maidir le madraí agus peataí a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl
6	Suaitheadh agus brúnna eile a bhainistiú	Brúnna de bharr gníomhaíocht an duine a mbíonn tionchar diúltach acu ar chromán na gcearc a aithint, a bhainistiú agus a laghdú.	• Measúnú a dhéanamh ar shuaitheadh lasmuigh de na gnáthuaireanta agus le linn gníomhaíochtaí fóillíochta • Leanúint le bainistíocht chuí ar bhealaí do chuairteoirí le linn an tséasúir pórúcháin. • Beartais shoiléire a fhorbairt maidir le dordáin, tinte, grianghrafadóireacht agus iompar cuairteoirí • Pleananna a ullmhú i gcomhair riosca dóiteáin, dramhaíola agus creimirí. • Comharthaíocht agus feasacht a mhéadú ag pointí rochtana

Uimh.	Téama Gníomhartha	Cuspóir Straitéiseach	Príomhghníomhartha Straitéiseacha (achoimre)
7	Taighde, Bearnaí Eolais & Roghanna Ainmniúcháin	Brúnna de bharr gníomhaíocht an duine a mbíonn tionchar diúltach acu ar chromán na gcearc a aithint, a bhainistiú agus a laghdú.	• Staidéir ar fhaire geimhridh agus ar shealgaireacht a bhunú • Imscrúdú a dhéanamh ar phatrúin stairiúla agus éiceolaíocha úsáide talún • Measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht chun gnáthóga a athchóiriú (bogaigh) • Breithnigh féidearthachtaí ainmniúcháin
8	Comhtháthú Bainistíochta Gnáthóg agus Talún	Meascán cothrom de ghnáthóga neadaithe, sealgaireachta agus ar an bhfara a chothabháil agus a fheabhsú trí bhainistíocht oiriúnaitheach talún.	• Coibhneas spriocdhírithe gnáthóige a choinneáil ar fud an oileáin • Scrobarnach rothlach-báinseach a chuir i bhfeidhm • Gnáthóg píolótach a athchóiriú • Smacht creimthe agus réitigh a chomhtháthú atá bunaithe ar an dúlra • Monatóireacht a dhéanamh ar speicis ionracha agus freagairt dóibh

1.5 Téamaí Gníomhartha

Sonraí faoi acrainmneacha na ngníomhairí/na bpáirtithe leasmhara le fáil ar leathanach 22.

Téama Gnímh 1

Rialachas, Comhordú agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Uimhir an Ghnímh.	Gníomh/sprioc	Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí
1.1	Leanúint le rannpháirtíocht agus cumarsáid le páirtithe leasmhara uair sa bhliain ar a laghad; an t-earrach (Feabhra–Márta) nó an fhómhar (Deireadh Fómhair–Samhain)	OOP SPNF agus uile
1.2	Sainaithin na haonaid ghnó ábhartha laistigh den	OOP

Téama Gnímh 1 Rialachas, Comhordú agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	Oifig na nOibreacha Poiblí a mbeidh gá lena dtacaíocht i gcomhair míreanna gníomhaíochta.	
1.3	Clár oibre agus amchlár do na hoibreacha atá beartaithe le déanamh ar shuímh oidhreachta le liostáil go bliantúil ag na páirtithe leasmhara ábhartha	OOP, SSN
1.4	Cinntiú go ndéantar pleanáil chuí ar na hoibreacha nó ar na forbairtí atá beartaithe, go bhfaightear an toiliú ábhartha ó na húdaráis, agus go ndéantar measúnú cuí orthu (nuair is gá).	Oifig na nOibreacha Poiblí, SSN, SPNF, Úinéirí Talún Eile
1.5	Ullmhú dhoiciméad treorach nó ábhar do bhileog eolais ar leith faoin Chromán na gCearc a mheas, agus í a úsáid chun feasacht an phobail ar an oileán a mhéadú ar bhealach íogair.	OOP, SPNF
1.6	Clár straitéise don phreas agus do na meáin a ullmhú i gcomhpháirt — lena n-áirítear amchlár le haghaidh preasráiteas agus feachtais feasachta séasúracha — agus tar ar chomhaontú maidir le margaíocht, más ann di, chromán na gcearc ar Inis Cathaigh.	Oifig na nOibreacha Poiblí, SSN, SPNF, FI, Comhairle Contae an Chláir

Téama Gnímh 1 Rialachas, Comhordú agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
1.7	Straitéis turasóireachta a ullmhú agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar líon na gcuairteoirí, agus na deiseanna chun líon na gcuairteoirí a mhéadú go híogair (lena n-áirítear le linn an tséasúir ghairid), e.g. cuairteanna scoile, breathnóirí éan, agus naisc le nithe is díol spéise do chuairteoirí sa cheantar a mhéadú, á mbreithniú ag an am céanna.	OOP, SSN, SPNF, le hionchur ó pháirtithe leasmhara eile
1.8	Na hionchais a bhaineann le cur i bhfeidhm na hinnilte i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha a phlé agus a chomhaontú, agus cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an gcuirfear an straitéis seo i bhfeidhm don oileán nó nach gcuirfear.	OOP, SSN, SPNF.
1.9	An ionchorprú a dhéantar ar chúrsaí oidhreachta nádúrtha agus ar eolas ón am atá thart sna cartlanna, a mhéadú agus an taifeadadh a dhéanann saoránaigh-eolaithe ar an oileán agus ar fud an oileáin a mhéadú.	Grúpa Oidhreachta Inis Cathaigh, OOP, SSN, SPNF
1.10	Na deiseanna le hinstitiúidí tríú leibhéal chun taighdeoirí a chur chun cinn agus a mhealladh a mhéadú, agus smaoinigh ar	SPNF, OOP, SSN

Téama Gnímh 1 Rialachas, Comhordú agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	scoláireachtaí nó ar chlár intéirneachta a reáchtáil le haghaidh taighde i rith mhíonna an tsamhraidh.	
2.1	Leanúint ar aghaidh le monatóireacht bhliantúil ar chromán na gcearc ar Inis Cathaigh agus taifeadadh sonraí a mhéadú chun samplaí de mhapáil ar bhealaí eitilte a áireamh, ina léireofar dáta agus am a n-aimsithe.	SPNF
2.2	Eolas ar na faid freagartha suaite i gcás éan aonair nó láithreán neadaithe a bhailiú, lena n-áirítear an dáta, an t-am, Fad Tosú Eitilte (FID), Fad Foláirimh (AD), Uasfhad Cur Chuige (MAD) agus an Fad Glao Rabhaidh (ACD).	SPNF
2.3	Leanúint ag cur coimeádaí (nó coimeádaithe) chuig Inis Cathaigh chun sonraí spásúla agus ama bliantúla a bhailiú maidir le pórú chromán na gcearc, chomh maith le léarscáileanna a ullmhú.	SPNF
2.4	Acmhainní na maoir a mhéadú, chun cur ar chumas na foirne feasacht na gcuairteoirí faoi chromán na gcearc a mhéadú, le monatóireacht agus cosaint a dhéanamh ar an speiceas ar an oileán.	SPNF
2.5	Suímh neadaithe a thriantánú le breathnóirí iolracha chun suíomh na neadacha a aithint, trí infhaighteacht acmhainní méadaithe agus, nuair is féidir,	SPNF

Téama Gnímh 1 Rialachas, Comhordú agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	le monatóireacht chianda (e.g. trí dhordáin) chun na hainmhithe óga a chomhaireamh agus suímh na neadacha a shainaithint go beacht.	
2.6	Úsáid a bhaint as faisnéis neadaithe gach séasúr chun straitéis mhaolánach imoibríoch a bhunú chun cromáin na gcearc a chosaint ar shuaitheadh ach freisin chun maoláin a shocrú tar éis dóibh eitilt agus/nó scaipeadh faoi réir gan iompar glao aláraim a bheith ann.	SPNF
2.7	Monatóireacht ar dhátaí breithe agus ar fhaisnéis socraíochta chun amanna gortha agus cleitithe a aithint.	SPNF
2.8	Monatóireacht ar dhátaí gortha chun dátaí cleitithe a bheith ar eolas	SPNF
2.9	Monatóireacht ar dhátaí cleitithe chun eolas a sholáthar maidir le maolú féideartha ar riachtanais na gcriosanna maolaithe, a luaithe a laghdaíonn iompar glao aláraim.	SPNF
2.10	Leanúint ag bailiú sonraí faoi phórú agus faoi gheimhreadh chromán na gcearc agus éan creiche eile sa cheantar, agus monatóireacht a leathnú chuig ceantair sealgaireachta ar an mórthír.	SPNF
2.11	Bailiú sonraí maidir le dáileadh spásúil agus uainiú gníomhaíochta le linn an gheimhridh a mhéadú, d'fhonn	SPNF

Téama Gnímh 1

Rialachas, Comhordú agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Uimhir an Ghnímh.	Gníomh/sprioc	Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí
	láithreacht speiceas i rith uaireanta an lae a dheimhniú, an t-am a fhágann agus a bhfilleann siad ar a bhfara a dheimhniú.	
2.12	An comharthú maidir le flóra agus fána íogair a mhéadú, ionas go dtuigfidh daoine nuair a bhíonn cúis ann le rochtain a shrianadh.	SPNF, OOP

Téama Gnímh 3

Comhtháthú Oibreacha Oidhreachta Tógtha le Cosaint Chromán na gCearc

Gníomh Uimh.	Gníomh/sprioc	Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí
3.1	Na páirtithe leasmhara ábhartha chun liosta a ullmhú de chlár oibre bliantúil beartaithe, roinnte ina thascanna míosúla, agus é a mheas i gcomhthéacs tréimhsí tábhachtacha an tséasúir phórúcháin.	OOP, SSN, SPNF
3.2	Liosta den chlár oibre atá beartaithe don chéad 5 bliana agus 10 mbliana eile agus na hamanna agus an t-ord is rogha a ullmhú, agus athbhreithniú a dhéanamh air i gcomparáid le príomhthréimhsí an tséasúir phórúcháin.	OOP, SSN, SPNF

Téama Gnímh 3 Comhtháthú Oibreacha Oidhreachta Tógtha le Cosaint Chromán na gCearc		
Gníomh Uimh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
3.3	Ráitis mhodha a ullmhú do na hoibreacha atá beartaithe, a chuimsíonn sonraí faoi ghníomhaíochtaí, amanna, líon na foirne agus innealra a bheith leagtha amach.	OOP, SSN, SPNF
3.4	Páirtithe leasmhara ábhartha chun athbhreithniú comhpháirteach ar chláir oibre a dhéanamh agus aon saincheisteanna íogaire a bhaineann le cromán na gcearc a dheimhniú.	OOP, SSN, SPNF
3.5	Teastaíonn comhairliúchán le bainisteoirí talún i gcás oibreacha tógála ar scála beag a d'fhéadfadh a bheith riachtanach lasmuigh de chrios maolánach 300m atá íogair ó thaobh séasúir de.	OOP, SSN, SPNF, Úinéirí Talún Eile
3.6	I gcás oibreacha a dhéantar lasmuigh de chrios maolánach 300m na limistéir phórúcháin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar na bealaí rochtana agus imeachta chuig na ceantair sin. Go hidéalach, ní bheadh na bealaí laistigh de chrios maolánach 50m nó 100m na limistéir phórúcháin, agus/nó bheadh scagthástáil dhóthanach i gceist leo.	OOP, SSN, SPNF, Úinéirí Talún Eile

Téama Gnímh 3

Comhtháthú Oibreacha Oidhreachta Tógtha le Cosaint Chromán na gCearc

Gníomh Uimh.	Gníomh/sprioc	Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí
3.7	Clár oibre comhaontaithe d'aon obair thógála is gá a dhéanamh laistigh de chrios pórúcháin 50m nó 100m a chuir i bhfeidhm.	OOP, SSN, SPNF
3.8	Is dealraitheach go mbeadh sé riachtanach oibreacha laistigh den chrios pórúcháin 50m agus/nó 100m a chur i gcrích lasmuigh den séasúr pórúcháin, agus ba cheart pointí rochtana chuig na suímh sin agus uaidh na suímh sin a bhainistiú go cúramach agus a chomhaontú sula dtosófar ar na hoibreacha.	OOP, SSN, SPNF
3.9	Ba cheart a bheith cúramach agus obair á déanamh le linn an tséasúir geimhrithe i gcásanna nach bhfuil eolas ar shuímh na n-ionad fara, agus ba cheart aon obair a phleanáil agus na ceantair fara íogaire sin á gcur san áireamh.	OOP, SSN, SPNF
3.10	Cinneadh a dhéanamh cathain a bhíonn an ghníomhaíocht fara oíche ar siúl, e.g. timpeall bhreacadh an lae agus titim na hoíche ar an oileán. Trí obair allamuigh a dheimhniú, an bhfuil sealgaireacht geimhridh ar siúl ar an mórthír.	SPNF

Téama Gnímh 4 Gnáthóige Sealgaireachta a Fheabhsú		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
4.1	Ceantair ina bhfuil gnéithe de scrobarnach líneach ar fud an oileáin a chruthú. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí bharr an fhásra a ghearradh siar – de láimh nó le hinnill, mar is gá – chun a chinntiú nach ndéanfar dochar d'aon séadchomhartha ná do ghné oidhreachta eile.	OOP, SSN, NPWS
4.2	Suirbhéanna allamuigh agus suirbhéanna ar an bhfásra i gcúinne thiar thuaidh an oileáin a dhéanamh chun a chinneadh cén bhainistíocht atá riachtanach chun meascán féaraigh agus/nó stiallacha líneacha de fhásra atá bearrtha nó bainte a chruthú (an crotach san áireamh).	SPNF
4.3	Fáil amach an bhfuil aon taifid stairiúla ann faoi chorrlaigh ag pórú ar an oileán, agus suirbhéanna allamuigh a dhéanamh chun a chinneadh cé acu pobal éin phóraithe nó neamh phóraithe iad na corrlaigh den speiceas atá ag fara ar an oileán.	SPNF
4.4	Suirbhéanna ar na ceantair ar an mórthír le breathnóirí iomadúla a dhéanamh chun príomháiteanna sealgaireachta chromán na gcearc a shainaithint agus chun bealaí eitilte a mhapáil.	SPNF

4.5	Suirbhéanna flúirse creach/ trasghearradh/comhaireamh pointí a dhéanamh chun dlús na gcreach ar Inis Cathaigh a chinneadh, agus a dheimhniú an bhfuil mamaigh bheaga i láthair/nó nach bhfuil, trí úsáid a bhaint as gaistí faoi cheadúnas, más gá.	SPNF
4.6	Measúnú a dhéanamh ar indéantacht bheathú fhorlíontach do speiceas creiche (e.g. grán, barra); gnáthóga neadaithe do speiceas creiche (e.g. boscaí nó colmlanna); beathú forlíontach ar chromán na gcearc, etc.	SPNF, OOP
4.7	Machnamh ar indéantacht, ar rioscaí agus ar bhuntáistí a bhaineann le ceangal clibe satailíte GSM a dhéanamh, d'fhonn eolas spásúil a fháil faoi cheantair sealgaireachta agus faoi scaipeadh gearrcaigh, chomh maith leis an nascacht le gnáthóga ar an mórthír i gcontaetha an Chláir, Chiarraí agus Luimnigh.	SPNF
4.8	Teagmháil le húinéirí Inishbig chun a fháil amach an féidir leibhéil na hinnilte a laghdú agus gnáthóga a fheabhsú le haghaidh sealgaireachta.	SPNF
4.9	Aithin agus déan teagmháil le húinéirí talún agus feirmeoirí ar an mórthír (i gCill Rois, i mBá Pholl na nOisrí, ó dheas ó Chill Chaoi, in Bunaclugga Bay, in Eas Daoi agus ar Chnoc an Fhómhair, agus siar chomh fada le Bá Bhéal Átha Longfoirt) agus fáil amach an mbeidís toilteanach machnamh a	SPNF

	dhéanamh ar bhainistíocht bhreise ar ghnáthóga i limistéir shealgaireachta chromán na gcearc.	
4.10	Ba cheart tús áite a thabhairt do bhainistíocht gnáthóige do chromán na gcearc lasmuigh den oileán, laistigh de raon sealgaireachta 5km go 10km do chromáin Inis Cathaigh. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar phleananna feirme SPNF.	SPNF

Téama Gnímh 5
Cosaint Neadacha & Bainistíocht Creachadóirí

Uimhir an Ghnímh.	Gníomh/sprioc	Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí
5.1	Líon na gcreachadóirí ar Inis Cathaigh a chainníochtú, lena n-áirítear minc, francaigh, caróg liath, fiach dubh, faoileáin agus éin chreiche eile; agus láithreacht nó easpa easóige, firéid agus gráinneoige a chinneadh.	SPNF
5.2	Leanúint ar aghaidh leis an gclár chun smacht a choinneáil ar an gcaróg liath agus ar an minc, i gcomhréir le dea-chleachtas.	SPNF, OOP
5.3	Straitéis bhainistíochta fhadtéarmach cosanta neadacha ar chreachadóirí a fhorbairt, ag cuimsiú bearta bainistíochta díreacha (e.g. ciondhíothú) agus indíreacha (e.g. neadacha nó gnéithe den ghnáthóg a bhaint).	SPNF

Téama Gnímh 5 Cosaint Neadacha & Bainistíocht Creachadóirí		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
5.4	Prótacal faireachais leanúnach a chuir ar bun chun a aithint an bhfuil sionnaigh nó creachadóirí eile i láthair ar an oileán, e.g. trí chuardach a dhéanamh ar rianta agus ar chomharthaí.	SPNF
5.5	Ráitis mhodha chomhaontaithe a ullmhú chun cúiseanna creiche agus/nó teip neide a shainaithint, mar shampla trí chuairteanna ar neadacha tar éis an tséasúir, suirbhéanna le dordáin, agus/nó trí cheamaraí a shuiteáil i limistéar níos leithne.	SPNF
5.6	Athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar shonraí a fuarthas ó fhoirmeacha taifeadta SPNF maidir le monatóireacht ar chreachadóireacht, má tá siad ar fáil.	SPNF
5.7	Monatóireacht a dhéanamh ar fhreagairtí iompraíochta chromán na gcearc agus iompar slua-ionsaithe i measc chromán na gcearc.	SPNF
5.8	Sula ndéantar síneadh ar an mbearradh féir ná forbairt ar chosáin, smaoineamh ar ghaireacht do shuímh pórúcháin aitheanta agus an bhfuil ilroinnt nó rochtain creachadóirí in aice le	OOP, SSN, NPWS

Téama Gnímh 5 Cosaint Neadacha & Bainistíocht Creachadóirí		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	neadacha/chuig neadacha a éascú.	
5.9	Toirmeasc leanúnach ar mhadraí, ach amháin madraí cúnaimh. Caithfear madraí ar bith a cheadaítear ar an oileán a bheith ar iall i gcónaí. Ní ceadmhach do mhadraí dul isteach i limistéar íogaire, chun suaitheadh a chosc.	OOP, SPNF
5.10	Beartas comhaontaithe maidir le peataí agus madraí ar an oileán do chuairteoirí a ullmhú, idir chuairteanna pleanáilte agus neamhphleanáilte agus an pobal, gnólachtaí áitiúla agus cuairteoirí a chuir ar an eolas dá réir.	OOP, SPNF
5.11	Comharthaíocht fhaisnéiseach agus infheicthe a chur ar fáil chun tuiscint an phobail ar luachanna na bithéagsúlachta a mhéadú agus chun úinéirí madraí nó peataí a chur ar an eolas faoin mbeartas chun oidhreacht nádúrtha an oileáin a chosaint.	OOP, SPNF
5.12	An fheasacht a mhéadú ag pointí rochtana do bháid nó ag muiríní chun scaipeadh aon chreachadóirí nó speiceas ionracha a laghdú.	OOP, SPNF
5.13	Staidéar indéantachta chun measúnú a	OOP, SPNF

Téama Gnímh 5 Cosaint Neadacha & Bainistíocht Creachadóirí		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	dhéanamh ar na riachtanais agus ar na deiseanna a bhaineann le háiseanna cúraim lae do pheataí do chuairteoirí ar an oileán.	

Téama Gnímh 6 Suaitheadh agus brúnna eile a bhainistiú		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
6.1	Líonmhaireacht, fad ama agus dáileadh cuairteoirí ar an oileán lasmuigh d'uaireanta oibre a fháil amach chun leibhéal an tsuaite agus an cineál gníomhaíochtaí a mheas, e.g. úsáid a bhaint as áiritheoirí daoine ar chosáin áirithe.	OOP, SPNF
6.2	An léiriú a leathnú (lena n-áirítear comharthaíocht agus bileoga eolais) ar fud an tsuímh, ag clúdach gach gné den fhiadhúlra ar Inis Cathaigh, chomh maith le cromán na gcearc.	SPNF, OOP
6.3	Deis leathnaithe a mheas chun breathnú ar fhiadhúlra agus ar chromán na gcearc go sonrach, agus ar bhunú achair agus criosanna sábháilte ina bhféadfaí é sin a dhéanamh. Dréacht-	SPNF, OOP

Téama Gnímh 6 Suaitheadh agus brúnna eile a bhainistiú		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	amlíne a ullmhú agus comhdhearcadh a bhunú i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha.	
6.4	Beartas comhaontaithe agus treoirlínte maidir leis an gcleachtas is fearr i dtaca le grianghrafadóireacht (ócáideach agus ó bhotháin cheilte) ar an oileán, a ullmhú agus iad a thaispeáint ar an oileán agus in áiteanna tábhachtacha.	SPNF, OOP, SSN
6.5	Tá beartas 'ní cheadaítear dordáin' i bhfeidhm ag an OOP ag gach ceann dá suímh oidhreachta, Inis Cathaigh san áireamh agus ba cheart an beartas sin a choinneáil i bhfeidhm agus a chur in iúl ar an oileán agus sa cheantar máguaird.	OOP, SPNF
6.6	Más gá, beartas comhaontaithe agus na treoirlínte maidir leis an gcleachtas is fearr i dtaca le húsáid dordáin ar an oileán nó os a chionn a ullmhú agus comharthaíocht ina leith sin a chuir ar fáil ar an oileán agus ag príomháiteanna do chuairteoirí. Féach ar Rialacháin maidir le Dordáin.	SPNF, OOP, SSN
6.7	Ráitis sheasaimh chomhaontaithe agus	SPNF, OOP, SSN

Téama Gnímh 6 Suaitheadh agus brúnna eile a bhainistiú		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	treoirlínte dea-chleachtais a ullmhú maidir le húsáid ghairmiúil dordáin (suirbhéanna) ag leanúint prionsabail dea-chleachtais le ráitis mhodha agus paraiméadair chomhaontaithe lena n-áirítear tráthanna spásúla agus ama.	
6.8	Beartas 'Ní cheadaítear tine / Ní cheadaítear beárbaiciú' a chur i bhfeidhm a phlé.	OOP
6.9	Beartas comhaontaithe agus treoirlínte maidir leis an dea-chleachtas i dtaca le picnicí (agus tinte, más gá) ar an oileán a ullmhú, ag cloí le prionsabail 'ná fág rian', agus comharthaí ina leith sin a chuir in áiteanna straitéiseacha.	SPNF, OOP, SSN
6.10	Léarscáil riosca dóiteáin agus plean freagartha a ullmhú, lena n-áirítear comhordú le seirbhísí dóiteáin áitiúla, agus pleanáil a dhéanamh chun oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht thógtha a chosaint.	SPNF, OOP
6.11	Athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna bainistíochta gnáthóige a d'fhéadfadh cur le hathléimneacht nádúrtha i gcoinne dóiteáin, m.sh. athfhliuchadh nó athchóiriú ar riasc ghoirt	SPNF, OOP, SSN

Téama Gnímh 6 Suaitheadh agus brúnna eile a bhainistiú		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	nó cosáin lomtha mar bhacainní dóiteáin.	

Téama Gnímh 7 Taighde, Bearnaí Eolais & Roghanna Ainmniúcháin		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
7.1	Clár monatóireachta a bhunú/leathnú ar shuímh fara geimhridh ar an oileán agus na ceantair mhórthíre máguaird ina bhfuil gnáthóg oiriúnach.	SPNF
7.2	Líon agus dáileadh na n-ionad fara a chinneadh, agus an mbíonn na héin i láthair i rith an lae nó timpeall bhreacadh an lae/le titim na hoíche amháin. Na suímh seo a mhapáil chun bonn eolais a chur faoi chinneadh bainistíochta:.	SPNF
7.3	Tuiscint a fháil ar cheantair shealgaireachta le linn an tséasúir phórúcháin agus geimhridh, bealaí eitilte a bheartú ar fud an oileáin, bealaí trasna na farraige agus na ceantair shealgaireachta agus na gnáthóga is fearr ar an mórthír i gContaetha an Chláir agus Chiarraí (agus b'fhéidir Contae Luimnigh) a aithint	SPNF
7.4	Suímh sheasta bhreathnóireachta a bhunú ar fud an oileáin agus na mórthíre chun suirbhéanna rialta míosúla a dhéanamh; cabhróidh sé seo le léargas a fháil ar bhealaí sealgaireachta agus ar na bealaí chuig an oileán agus uaidh, chomh	SPNF

Téama Gnímh 7 Taighde, Bearnaí Eolais & Roghanna Ainmniúcháin		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	maith le suímh fhéideartha eile le haghaidh fara a aithint.	
7.5	An teicneolaíocht agus na córais rianaithe GPS atá ar fáil a athbhreithniú chun faisnéis faoi shealgaireacht iargúlta a bhunú. Machnamh a dhéanamh ar na rioscaí agus na buntáistí a bhaineann leis seo, agus na modhanna gabhála trí éin óga a chlibeáil ag na neadacha agus/nó trí éin fhásta a ghabháil ag suímh fara.	SPNF
7.6	Líonmhaireacht, fad ama agus dáileadh cuairteoirí ar an oileán lasmuigh d'uaireanta oibre a fháil amach chun gníomhaíochtaí suaite anaithnide a mheasúnú e.g trí cheamaraí cianda ag láithreáin tuirlingthe nó ag fánáin báid agus/nó trí áiritheoir daoine ar chosáin áirithe.	SPNF, OOP
7.7	Clár chun teagmháil níos leithne a bheith leis na pobail a bhaineann le bádóireacht agus le seoltóireacht sa cheantar a chuir ar bun, d'fhonn cur leis an dea-chleachtas agus leis na hiarrachtaí feasachta sa réigiún, agus chun tuiscint a fháil ar shuaitheadh a tharlaíonn lasmuigh de	SPNF, OOP

Téama Gnímh 7 Taighde, Bearnaí Eolais & Roghanna Ainmniúcháin		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	ghnáthuaireanta oibre, agus/nó é sin a laghdú.	
7.8	Cód cleachtais / nóta comhairleach / bileog eolais a bhunú d'úsáideoirí báid nó do dhíograiseoirí fóillíochta mara le haghaidh cuairte ar Inis Cathaigh lena n-áirítear faisnéis faoi oidhreacht thógtha agus nádúrtha faoi chosaint.	SPNF, OOP
7.9	Suirbhéanna ar chrotaigh a dhéanamh chun a fháil amach an bhfuil an speiceas ag pórú ar an oileán, nó an éin iad nach bhfuil ag pórú agus a bhíonn ann go déanach sa samhradh nó i rith an gheimhridh amháin.	SPNF
7.10	Athbhreithniú ar limistéar féaraigh an iarthuaisceart sula gcuirfear aon bheartas bainistíochta i bhfeidhm maidir le sealgaireacht chromán na gcearc. Suirbhé a dhéanamh ar an bhfásra agus measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht an cheantair a bharrfheabhsú ag an am céanna don chrotach.	SPNF
7.11	Scrúdú agus mion-iniúchadh a dhéanamh ar chartlanna stairiúla, sóisialta agus cultúrtha chun eolas stairiúil ar bith a bhaineann le	OOP, SSN, SPNF, Grúpa Oidhreachta Inis Cathaigh

Téama Gnímh 7 Taighde, Bearnaí Eolais & Roghanna Ainmniúcháin		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	hoidhreacht nádúrtha an oileáin a aimsiú, e.g. , an traonach, an crotach agus an phatraisc liath. Aon cheachtanna a foghlaimíodh a chomhtháthú sna cartlanna digiteacha ar an oileán.	
7.12	An chaoi ar bainistíodh páirceanna san am atá thart i gceathrú thiar thuaidh an oileáin a scrúdú agus a thuiscint, cén fáth nár tharla iomadú scrobarnaí ar an scála céanna is a tharla in áiteanna eile.	OOP, SSN, SPNF, Grúpa Oidhreachta Inis Cathaigh
7.13	Athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas ón gceathrú thiar thuaidh seo agus roghanna bainistíochta a mheas, ós rud é gurb é seo an t-aon cheantar, b'fhéidir, ina bhféadfadh péire breise de chromán na gcearc a bheith i láthair (cé go bhféadfadh sé a bheith ina ghnáthóg thábhachtach reatha le haghaidh sealgaireachta).	SPNF
7.14	Iniúchadh a dhéanamh ar na hionchais maidir le gnáthóga áirithe ar an oileán a athchóiriú, lena n-áirítear riasc goirt agus murlaigh, i gcásanna ina ndearnadh iad a dhíriú i gcainéil agus a mhionathrú go saorga.	SPNF, OOP

Téama Gnímh 7 Taighde, Bearnaí Eolais & Roghanna Ainmniúcháin		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
7.15	Dul i gcomhairle le hinnealtóirí mara, geolaithe agus luibheolaithe agus imscrúdú a dhéanamh ar na hionchais maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar roinnt gnáthóg ar an oileán, lena n-áirítear riasc goirt agus murlaigh, i gcásanna ina ndearnadh iad a dhíriú i gcainéil agus a mhionathrú go saorga. D'fhéadfadh sé seo a bheith chun leasa lapairí agus, dá réir sin, do chromán na gcearc ag sealgaireacht. Gá le tuiscint a fháil ar phróisis taoide agus measúnú a dhéanamh ar chosán go deisceart an oileáin.	SPNF
7.16	Athbhreithniú a dhéanamh ar na mionathraithe a rinneadh san am atá thart, más ann dóibh, i limistéar oirthuaiscirt an mhurlaigh. D'fhéadfadh feabhsú na gnáthóige seo a bheith chun leasa lapairí sa cheantar agus cromán na gcearc atá sealgaireacht, dá n-úsáidfeadh níos mó éan an ghnáthóg seo. Ní mór é a mheas, áfach, i bhfianaise stádas na leasanna cáilitheacha (Q.I.) ag an Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta.	SPNF
7.17	Athbhreithniú a dhéanamh ar aon phleananna, nósanna imeachta nó tograí a bhaineann leis an	OOP, SSN, SPNF, Grúpa Oidhreachta Inis Cathaigh, Comhairle Contae an Chláir

Téama Gnímh 7 Taighde, Bearnaí Eolais & Roghanna Ainmniúcháin		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	gCúbarnach nó le foirgnimh eile dá leithéid ina bhféadfadh an cág gobdhearg i ,bun pórúcháin a bheith ar bun. Measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí spásúla agus ama a bhaineann le haon obair den sórt sin a chuirfeadh isteach ar an speiceas breise seo de chuid Iarscríbhinn 1.	
7.18	Measúnú a dhéanamh ar Inis Cathaigh a ainmniú go foirmiúil mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LON).	SPNF
7.19	Measúnú a dhéanamh ar an suíomh a bhunú mar Anaclann Dúlra faoin Acht um Fhiadhúlra, agus dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha.	SPNF, OOP, SSN

Téama Gnímh 8 Comhtháthú Bainistíochta Gnáthóg agus Talún		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
8.1	Suirbhéanna cianbhraite a dhéanamh ar fhásra an athuair laistigh de chúig bliana ón gclár reatha(2027) chun athruithe ar an bhfásra a athmheasúnú.	SPNF

Téama Gnímh 8 Comhtháthú Bainistíochta Gnáthóg agus Talún		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
8.2	Ceathrú cuid (25 ha) den oileán ar a laghad a chaomhnú agus a bharrfheabhsú mar ghnáthóg neadaithe oiriúnach ina bhfuil clúdach féir oiriúnach, agus d'fhéadfaí é seo a leathnú go dtí an tríú cuid (33 ha).	OOP, SSN, SPNF
8.3	Aon trian ar a laghad (33 ha) den oileán a chaomhnú agus a bharrfheabhsú mar ghnáthóg oiriúnach sealgaireachta ina bhfuil clúdach féir oiriúnach.	OOP, SSN, SPNF
8.4	Aon cheathrú ar a laghad (25 ha) den oileán a chaomhnú agus a bharrfheabhsú mar ghnáthóg oiriúnach fara ina bhfuil clúdach féir oiriúnach.	OOP, SSN, SPNF
8.5	Caomhnaigh ar a laghad na cóimheasa de ghnáthóga éagsúla a taifeadadh in 2021 tríd an suirbhé fásra.	OOP, SSN, SPNF
8.6	Clár monatóireachta ar limistéir scrobarnaí a choinneáil — lena n-áirítear saileach agus driseog, a bhfuil airde os cionn 5 m acu. Gnáthóga laistigh den limistéar neadaithe a bhainistiú de láimh trí chrainn atá níos mó ná 5m ar airde a ghearradh de láimh mura soláthraíonn gnéithe	SPNF, OOP

Téama Gnímh 8 Comhtháthú Bainistíochta Gnáthóg agus Talún		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	scrobarnaí, éifeachtaí topagrafacha nó scagtha neide.	
8.7	Measúnú agus tosaíocht a dhéanamh ar an scagadh atá ann cheana le saileach timpeall ar shuímh neadaithe, agus limistéir a shainaithint a bhainfeadh leas as forbairt scagadh scrobarnaí nádúrtha.	SPNF, OOP
8.8	Clár monatóireachta ar thréscaoilteacht scrobarnaí agus ar chomhdhéanamh na ngas adhmadach a choinneáil, agus cur chuige bunaithe ar "bhanracha" a úsáid, ag baint úsáide as teorainneacha na bpáirceanna atá ann cheana féin chun an scrobarnach a bhainistiú i limistéir ar leith, ar bhonn rothlach 10-12 bliana ar a mhéad. Athbhreithniú a dhéanamh ar an sceideal má tharlaíonn athruithe ar airde an fhéir agus/nó ar thréscaoilteacht níos luaithe.	SPNF, OOP
8.9	D'fhéadfaí líon beag ainmhithe innilte a úsáid chun scrobarnach a bhainistiú faoi réir comhaontaithe le páirtithe leasmhara agus athbhreithniú ar rioscaí do chuairteoirí agus d'oidhreacht thógtha nó trí mhodhanna meicniúla e.g. trí lann a úsáid faoi réir	SPNF, OOP, SSN

Téama Gnímh 8 Comhtháthú Bainistíochta Gnáthóg agus Talún		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	measúnú riosca paiste aonair do neadacha chromán na gcearc agus/nó d'oidhreacht thógtha.	
8.10	Treoirscéim a dhéanamh ar 2-3 limistéar bainistíochta gnáthóige thar an tréimhse cúig bliana 2024–2029 chun gnáthóga sealgaireachta agus neadaithe a athghiniúint, trí chomhaontú idir na páirtithe leasmhara ábhartha, agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí do chromán na gcearc le linn an phróisis agus monatóireacht ar aon fhrithghníomhartha nó iompar seachanta a tharlaíonn dá bharr.	SPNF, OOP
8.11	Clár oibre a chuir ar bun chun na limistéir a úsáideann cromán na gcearc ar Inis Cathaigh le linn an gheimhridh a aithint agus a mhapáil, d'fhonn eolas a sholáthar do bhainistíocht na gnáthóige (más gá) agus a chinntiú go bhfuil cosaint iomchuí ag na limistéir sin.	SPNF
8.12	Limistéir de phortaigh giolcaí (gnáthóg fhéideartha do chuid éan a bheith ar an bhfara iontu sa gheimhreadh) a leathnú agus a chuir chun cinn , agus srian a chuir leis an bhfásra scrobarnaí sa	SPNF

Téama Gnímh 8 Comhtháthú Bainistíochta Gnáthóg agus Talún		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	limistéar seo más gá, i gcomhthráth le hathchóiriú na riasc goirt.	
8.13	Iniúchadh a dhéanamh ar limistéir féaraigh, go háirithe san iarthuaisceart, i gcomhar le luibheolaí chun cineálacha báinseach idir ghearr agus fhada a shainaithint atá oiriúnach do chromán na gcearc.	SPNF
8.14	An sceideal lomtha atá ann cheana féin ar fhéarach taitneamhachta agus cothabháil an chláir lomtha go háirithe i dtreo Chnoc na nAingeal a aithint agus a bhreithniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chriosanna suaite na limistéar lomtha agus na gcosán atá ann cheana agus atá molta..	SPNF, OOP
8.15	Na cosáin agus na bealaí do chuairteoirí atá ann cheana agus atá beartaithe a shainaithint agus a bhreithniú, agus athbhreithniú ar chriosanna suaiteachta na gcosán reatha agus na gcosán molta.	SPNF, OOP
8.16	Foghrúpa saineolaithe, ina n-áireofaí innealtóirí muirí, hidreolaíocht agus luibheolaithe a chuir ar bun, chun scrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht an riasc goirt ar an taobh ó dheas	SPNF, OOP

Téama Gnímh 8 Comhtháthú Bainistíochta Gnáthóg agus Talún		
Uimhir an Ghnímh.	**Gníomh/sprioc**	**Príomhghníomhaire/Príomhghníomhairí**
	don oileán a athchóiriú. Is príomhthoradh ar an athchóiriú é leibhéil an uisce a bheith ag ardú.	
8.17	Sainaithin, i gcomhar le grúpa saineolaithe (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, éaneolaí, luibheolaí, hidreolaí seandálaí agus speisialtóir ar oidhreacht thógtha), aon limistéir ghnáthóige a d'fhéadfaí a athchóiriú tar éis cleachtais bhainistíochta san am atá thart, e.g. portaigh, murlaigh, riasc goirt nó claífort.	SPNF, OOP
8.18	Limistéir atá i mbaol creimthe nó atá faoi thionchar próisis chósta a shainaithint, chomh maith le deiseanna chun réitigh nádúrtha a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht dríodair agus cruthú gnáthóg foráiste e.g., trí adhmad marbh nó adhmad srutha a thabhairt chuig an oileán agus é a chur ar fud na dtránna agus na limistéar riasc goirt.	SPNF, OOP
8.19	Monatóireacht a dhéanamh ar an oileán féachaint an bhfuil speicis ionracha atá ag teacht chun cinn go luath ansin, agus iad a bhaint a luaithe agus a aimsítear iad.	SPNF, OOP

1.6 Liosta na bPáirtithe Leasmhara/Gníomhairí

Tá na páirtithe leasmhara a sainaithníodh laistigh de na téamaí gníomhaíochta liostaithe thíos. Déantar cuir síos ar na páirtithe leasmhara éagsúla i gCaibidil 5 den doiciméad tacaíochta.

- Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)
- Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (SSN)
- Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)
- Grúpa Oidhreachta Inis Cathaigh (SIHG)
- Fáilte Éireann (FI)
- Comhairle Contae an Chláir
- Oibreoir Faireoige/Turasóireachta – Turais Inis Cathaigh (SIT)
- Úinéirí Talún Eile (an chuid nach leis an Stát)

gov.ie/housing

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland